

# An Tumoideachas: Na Buntáistí - Tacaíocht ón Taighde

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



INSTITIÚID OIDEACHAIS  
**MARINO**  
INSTITUTE OF EDUCATION

An Associated College of The University of Dublin, Trinity College

## Brollach

Ba mhaith liom fáilte agus fiche a chur roimh fhoilsiú an Leabhráin seo ar bhuntáistí iomadúla an tumoideachais. Leagtar amach anseo na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas ar bhealach inléite sothuigte. Tá súil agam go mbeidh príomhoidí, múinteoirí agus cleachtóirí uile in earnáil an oideachais in ann an Leabhrán seo a úsáid mar uirlis chumarsáide chun buntáistí an tumoideachais a roinnt le tuismitheoirí.

Níl aon insint ar an méid taighde a rinneadh ar ghnéithe éagsúla den tumoideachas in Éirinn le breis is fiche bliain, céatadán suntasach de a bhí maoinithe ag COGG. Foilsítear an taighde go léir a mhaoiníonn COGG ar shuíomh na heagraíochta. É sin ráite, bheadh sé deacair teacht ar thátail agus ar phríomhtheachtaireachtaí an chorpais taighde sin go léir go héasca.

Ag deireadh na bliana 2023 lorgaíodh léirithe spéise ó institiúidí oideachais agus ó thaighdeoirí chun scagadh agus iniúchadh a dhéanamh ar an taighde go léir atá déanta ar an tumoideachas i gcomhthéacs na hÉireann. Ba ar an Dr Claire Dunne a bronnadh an Conradh don obair seo thar ceann Institiúid Oideachais Marino. Tá an taighde iomlán ar fáil ar shuíomh COGG: An Tumoideachas ag an mBunleibhéal in Éirinn: Léargais ón Taighde Náisiúnta, don té ar mian leis/ léi iniúchadh iomlán a dhéanamh ar an taighde ar fad.

Tá tábhacht nach beag ag baint leis an anailís seo mar tá go leor fianaise ann go bhfuil buntáistí suntasacha ag baint leis an tumoideachas. Tá sé ríthábhachtach na buntáistí sin atá taighdebhunaithe a roinnt ar bhealach inrochtana leis na scoileanna agus leis an earnáil oideachais go ginearálta, ionas go bhféadfaí an t-eolas a chur ar thuismitheoirí agus iad ag déanamh cinntí faoi oideachas a bpáistí. Is chuige sin a forbraíodh an acmhainn seo.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an Dr Claire Dunne as a cuid díograise agus dua leis an obair fhiorthábhachtach seo agus leo siúd go léir a chuaigh i mbun taighde le breis is fiche bliain anuas chun cur go suntasach leis an gcorpas taighde ar an tumoideachas in Éirinn.

**Jacqueline Ní Fhearghusa**

*Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*







Lúnasa 2024

## Buntáistí an Tumoideachais

Sa chóras tumoideachais, foghlaimíonn páistí gach ábhar tríd an sprioctheanga. In Éirinn, tá scoileanna Gaeltachta ann chomh maith le scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá oideachas lán-Ghaeilge ar fáil ag leibhéal na naíonraí, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Tá roinnt cúrsaí lán-Ghaeilge ar fáil ag an tríú leibhéal freisin. Is í is aidhm le scoileanna tumoideachais in Éirinn ná ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil, chomh maith le hardchaighdeán sa chumas cumarsáide a chothú. Tacaíonn an bunús láidir seo le páistí a bheith mar bhaill de phobal agus líonra Gaeilge, agus tacaíonn sé le nuachainteoírí na Gaeilge freisin (Ó Duibhir, 2018). Tacaíonn an tumoideachas le páistí i gceantair Ghaeltachta, agus i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht, a úsáideann an Ghaeilge mar theanga bhaile, nó a úsáideann an Ghaeilge agus teanga eile sa bhaile.

Nuair a thosaíonn páistí sa chóras tumoideachais, tosaíonn siad ar aistear teanga a bhfuil go leor buntáistí ag baint leis. Tacaíonn na buntáistí seo lena bhforbairt iomlánaíoch. Taispeánann an taighde idirnáisiúnta go mbíonn go leor buntáistí ag daoine dátheangacha agus ilteangacha, mar shampla, buntáistí acadúla, sóisialta, teangeolaíocha agus eacnamaíocha (Ó Ceallaigh, 2013).

Taispeánann an taighde ar an tumoideachas ag an mbunleibhéal in Éirinn go mbaineann páistí buntáistí amach sna réimsí forbartha seo a leanas:

<p><b>Buntáistí Acadúla</b></p> 	<p>Éiríonn chomh maith nó níos fearr le páistí i scoileanna tumoideachais le hais páistí i scoileanna lán-Bhéarla (Gilleece et al., 2012; McCoy, Quail agus Smyth, 2012a; Parsons agus Lyddy, 2016).</p> <p>Mar an gcéanna lena bpiaraí, baineann páistí le riachtanais speisialta agus le riachtanais bhreise oideachais buntáistí amach sa chóras tumoideachais i go leor de na réimsí céanna acadúla agus forbartha: an dátheangachas, cumas sa Ghaeilge, buntáistí acadúla san iar-bhunscoil, féinmhuinín agus cultúr dearfach scoile (Nic Aindriú, 2019).</p>
<p><b>Buntáistí Teangeolaíocha</b></p> 	<p>Baineann páistí sa chóras tumoideachais ardchumas amach i gcoitinne sa Bhéarla (Foras Taighde ar Oideachas, 2024; Ó hAiniféin, 2008; Parsons agus Lyddy, 2016).</p> <p>Cothaíonn an córas tumoideachais inniúlacht níos airde sa Ghaeilge, ná mar a chothaítear nuair a dhéantar staidéar ar an nGaeilge mar ábhar amháin (Harris et al., 2006; Ó Duibhir, 2018).</p> <p>Tacaíonn an tumoideachas le dearthaí dearfacha i leith fhoghlaim na Gaeilge (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; Ó Duibhir et al., 2017).</p>
<p><b>Buntáistí Ilteangacha</b></p> 	<p>Tríd an nGaeilge a fhoghlaim, tá páistí páirteach sa phobal comhaimseartha ilteangach. Sa tumoideachas, léiríonn páistí spéis i dteangacha eile a fhoghlaim chomh maith (Dillon, 2009; Kiely et al., 2024).</p> <p>Sa tumoideachas, léiríonn páistí bua i bhfoghlaim an tríú teanga (Prats Porcar, 2013).</p> <p>I gcás tuismitheoirí a labhraíonn teangacha eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa bhaile, feiceann siad na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas chun cur le cumas ilteangach a bpáistí (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023).</p>
<p><b>Buntáistí Sóisialta</b></p> 	<p>I scoileanna lán-Ghaeilge, léiríonn páistí roinnt buntáistí sóisialta maidir le cairdeas a dhéanamh agus a bhuanú (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a).</p>
<p><b>Buntáistí Cultúrtha agus Idirchultúrtha</b></p> 	<p>Sa tumoideachas, faigheann páistí níos mó deiseanna a bheith ag plé leis na healaíona agus le himeachtaí cultúrtha (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; McCoy, Quail agus Smyth, 2012b).</p> <p>I scoileanna tumoideachais, léann páistí níos minice mar chaitheamh aimsire (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a).</p> <p>Sa tumoideachas, faigheann páistí tuiscint níos doimhne ar an gcultúr Gaelach agus tugtar deis dóibh baint a bheith acu le snáithe uathúil agus saibhir d'oidhreacht chultúrtha shochar na hÉireann (CNCM, 2019).</p> <p>Léiríonn siad feasacht ar imeachtaí staire agus ar an mbéaloideas, chomh maith le siombailí a bhaineann le féiniúlacht Eorpach (Lennon Malbasha, Dautel agus Taylor, 2022). Léiríonn siad spéis freisin san fheasacht idirchultúrtha (Kiely et al., 2024).</p>
<p><b>Buntáistí Cognaitíoch</b></p> 	<p>Sa tumoideachas, léiríonn páistí roinnt buntáistí cognaitíoch, go háirithe maidir le tascanna casta feidhm feidhmiúcháin, rud a chiallaíonn go bhfuil siad in ann rudaí a shórtáil agus a rangú (Stephens, 2013).</p> <p>Léiríonn siad buntáistí meitheangeolaíocha freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil siad in ann smaoineamh ar ghnéithe éagsúla den teanga agus iad a phlé, mar shampla, gramadach agus comhréir (Dillon, 2009; Harris agus O'Leary, 2012; Kiely et al., 2024; Prats Porcar, 2013).</p>

## An Tumoideachas agus Forbairt Iomlánaíoch an Pháiste

Tacaíonn an córas tumoideachais ag an mbunleibhéal, idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, le forbairt iomlánaíoch an pháiste. Cuireann an tumoideachas le roinnt buntáistí eile, ina measc, buntáistí acadúla, buntáistí teangeolaíocha, buntáistí ilteangacha, buntáistí sóisialta, buntáistí cultúrtha agus idirchultúrtha, agus buntáistí cognaíocha. Ach baineann go leor de na buntáistí a phléitear sa lámhleabhar seo le páistí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge freisin. Tá sé ar intinn ag COGG foilseachán eile don earnáil iar-bhunscolaíochta a chur ar fáil.

### Buntáistí Acadúla

Ar an iomlán, éiríonn chomh maith nó níos fearr le páistí i scoileanna tumoideachais le hais páistí i scoileanna lán-Bhéarla (Gilleece et al., 2012; McCoy, Quail agus Smyth, 2012a; Ó hAiniféin, 2008; Parsons agus Lyddy, 2016), agus bíonn ardchaighdeán oideachais i gcoitinne sna scoileanna (ETI Northern Ireland, 2018).

Tá éagsúlacht de bhuanna, riachtanais, spéiseanna agus pearsantachtaí i measc na bpáistí a fhreastalaíonn ar an gcóras tumoideachais (Dunne agus Ní Aogáin, 2025; Nic Aindriú, 2019) agus ní hionann aon bheirt fhoghlaimoírí (Ní Chlochasaigh, 2020). Bíonn roinnt de na tacaíochtaí céanna ag teastáil uathu is a bhíonn ó pháistí i scoileanna lán-Bhéarla, chomh maith le roinnt tacaíochtaí a bhaineann leis an teanga ó bhéal agus an litearthacht sa Ghaeilge. Mar an gcéanna lena bpiaraí, baineann páistí le riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais buntáistí amach sa chóras tumoideachais i go leor de na réimsí céanna acadúla agus forbartha: an dátheangachas, cumas sa Ghaeilge, buntáistí acadúla san iar-bhunscoil, féinmhuinín agus cultúr dearfach scoile (Nic Aindriú, 2019).

### Buntáistí Teangeolaíocha

Tugann an tumoideachas deis do pháistí litearthacht a fhorbairt in dhá theanga fhoirmiúla na scoile: an Ghaeilge agus an Béarla. Tacaíonn an fhorbairt i dteanga amháin le forbairt sa teanga eile (August agus Shanahan, 2006; Baker agus Wright, 2017; Ó Duibhir agus Cummins, 2012). Tá sé tugtha faoi deara sa chóras tumoideachais go sealbhaítear an dara teanga / teanga bhreise gan dochar a dhéanamh do shealbhú na máthairtheanga (Harris et al., 2006; Shiel et al., 2011).

Baineann páistí sa chóras tumoideachais ardchumas i gcoitinne amach sa mhórtéanga (McVeigh, Wylie agus Mulhern, 2019; Ó hAiniféin, 2008; Parsons agus Lyddy, 2016). Mar a léirítear i gcás na Breatnaise, an teagmháil a bhíonn ag páistí lasmuigh den scoil leis an mBéarla, cabhraíonn sé le teacht timpeall ar aon bharna a bhaineann le múineadh foirmiúil na mórtéanga sna luathbhlianta den chóras tumoideachais (Rhys agus Thomas, 2013).

D'éirigh go han-mhaith le páistí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann maidir le léitheoireacht an Bhéarla sa staidéar is déanaí *Progress in International Reading Literacy Study* (PIRLS), agus bhí feabhas suntasach tagtha ar ghnóthachtáil páistí i scoileanna i bPoblacht na hÉireann (ba chóir a chur san áireamh, áfach, go raibh na páistí a ghlac páirt sa staidéar beagán níos sine ná mar is gnáth mar gheall ar an moill a bhain le COVID-19) (Delaney et al., 2023). Bhí páistí i scoileanna tumoideachais san áireamh sa staidéar. San anailís bhreise atá curtha ar fáil ag an bhForas Taighde ar Oideachas<sup>1</sup>, taispeántar, ar an meán, gur éirigh chomh maith le páistí sa chóras tumoideachais le hais páistí i scoileanna lán-Bhéarla, agus gur éirigh go han-mhaith leo i gcomparáid lena bpiaraí idirnáisiúnta.

Baineann páistí sa chóras tumoideachais inniúlacht níos airde amach sa Ghaeilge, ná mar a bhaineann páistí a dhéanann staidéar ar an nGaeilge mar ábhar amháin (Harris et al., 2006; Ó Duibhir, 2018). Léiríonn siad dearcadh dearfach i gcoitinne maidir leis an nGaeilge a fhoghlaim (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; Ó Duibhir et al., 2017). Tá contanam dátheangachais / ilteangachais ann agus baineann daoine úsáid as a stór teangacha i mbealaí éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Tá forbairt ar na teicneolaíochtaí cruthaitheacha atá ar fáil sa Ghaeilge. Na teicneolaíochtaí don Chumarsáid Mhalartach agus Bhreitheach atá á bhforbairt i gColáiste na Tríonóide, cuirfidh siad ar chumas daoine cumarsáid a dhéanamh trí shraith focal nó fomhánna a roghnú, agus beidh cainteoirí Gaeilge in ann cumarsáid a dhéanamh i mbealaí níos solúbtha (Barnes et al., 2022).



## Buntáistí Ilteangacha

Cuireann scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht leis an éagsúlacht teangacha atá ar fáil in Éirinn, trí spás a chruthú do pháistí teagmháil rialta a bheith acu leis an nGaeilge. Úsáidtear os cionn 200 teanga in Éirinn sa lá atá inniu, ina measc, na trí theanga mhionlaithe dhúchasacha: an Ghaeilge, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Caintis. Tugann an tumoideachas deis do pháistí an Ghaeilge a shealbhú agus a shaibhriú, chomh maith le tuiscint a fhorbairt orthu féin mar chainteoirí ilteangacha.

Sa chóras tumoideachais, léiríonn páistí bua i bhfoghlaim an tríú teanga (Prats Porcar, 2013). I gcás tuismitheoirí a labhraíonn teangacha eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa bhaile, feiceann siad na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas chun cur le cumas ilteangach a bpáistí (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023).

## Buntáistí Sóisialta

Bíonn roinnt buntáistí sóisialta ag páistí sa chóras tumoideachais. Taispeántar i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go mbíonn na páistí ag coinneáil i dteagmháil lena gcairde, trí bhualadh leo aghaidh ar aghaidh agus ag coinneáil i dteagmháil leo ar na meáin shóisialta. Uaireanta bíonn páistí ó cheantair éagsúla ag taisteal chuig scoil lán-Ghaeilge agus spreagtar iad le hiarracht a dhéanamh a bheith i dteagmháil lena gcairde lasmuigh den scoil (McCoy, Quail, agus Smyth, 2012a).

## Buntáistí Cultúrtha agus Idirchultúrtha

Bíonn níos mó ná buntáistí teanga ag baint leis an gcóras tumoideachais agus bíonn tionchar ag an gcineál seo oideachais ar réimsí eile d'fhorbairt an pháiste. I scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge bíonn páistí ag léamh mar chaitheamh aimsire níos minice (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a). Cabhraíonn an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire le dearcadh dearfach i leith na Gaeilge (Devitt et al., 2018).

I scoileanna tumoideachais, faigheann páistí níos mó taithí ar an Drámaíocht, Ceol, agus Corpoideachas a dhéanamh (McCoy, Quail agus Smyth, 2012b). Tacaíonn na gnéithe cultúrtha ach go háirithe le gnóthachtáil acadúil na bpáistí (McCoy, Quail, agus Smyth, 2012a) agus luann páistí go dtaitníonn na hábhair seo go mór leo (Kiely et al., 2024).

Sa tumoideachas, faigheann páistí tuiscint níos doimhne ar an gcultúr Gaelach agus tugtar deis dóibh baint a bheith acu le snáithe uathúil agus saibhir d'oidhreacht chultúrtha shochaí na hÉireann (CNCM, 2019). Léiríonn siad feasacht ar imeachtaí staire agus ar an mbéaloideas, chomh maith le siombailí a bhaineann le féiniúlacht Eorpach (Lennon Malbasha, Dautel agus Taylor, 2022). Léiríonn siad spéis freisin i bhforbairt na feasachta idirchultúrtha (Kiely et al., 2024).

## Buntáistí Cognaithe

I dtaighde ar thionchar an dátheangachais scoilbhunaithe in Éirinn, léiríonn sé nach mbíonn aon tionchar diúltach aige ar an bhfeidhm feidhmiúcháin, is é sin an cumas nithe a rangú, a shórtáil agus a thabhairt chun cuimhne (Kennedy, 2012). Bíonn buntáistí ag páistí i réimsí áirithe, mar shampla, agus iad ag plé le tascanna casta feidhm feidhmiúcháin (Stephens, 2013), mar a thagann chun cinn sa taighde idirnáisiúnta (Bialystok, 2009).

Léiríonn siad buntáistí meitheangeolaíochais freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil siad in ann smaoineamh ar ghnéithe éagsúla den teanga agus iad a phlé, mar shampla, gramadach agus comhréir (Dillon, 2009; Harris agus O'Leary, 2012; Kiely et al., 2024; Prats Porcar, 2013).

## Clabhsúr

Tacaíonn an córas tumoideachais le forbairt iomlánaíoch an pháiste. Thar an iomlán, éiríonn chomh maith nó níos fearr le páistí sa chóras tumoideachais, i gcomparáid le páistí i scoileanna lán-Bhéarla, agus baineann siad go leor buntáistí amach i réimsí éagsúla. Bíonn buanna, spéiseanna, agus riachtanais éagsúla ag gach páiste a fhreastalaíonn ar an gcóras tumoideachais. Is féidir leis an tumoideachas tacú le haistear oideachais gach páiste, chomh fada agus atá oideolaíocht ionchuimsitheach agus planáil uile-scoile ann, chomh maith le háiseanna cuí.



## Fás agus Forbairt an Tumoideachais

Téann an t-oideachas dátheangach siar go dtí aimsir na Rómhánach agus na nGréagach, agus sa lá atá inniu ann tá cláir thumoideachais agus cláir dhátheangacha ar fáil i dtromlach mór de thíortha an domhain (Hornberger, 2008; Ó Brolcháin, 2015). Ní haon eisceacht í Éire agus tá stair shaibhir shuimiúil ó thaobh an tumoideachais de le fáil inti. Tá luach ag baint leis an gcóras tumoideachais, ní hamháin ó thaobh athneartú teanga de, ach ó thaobh leathnú an tsoláthair oideachais, agus rannpháirtíocht tuismitheoirí de. Tháinig fás agus forbairt ar an oideachas lán-Ghaeilge thar na blianta. Tá cur síos thíos ar roinnt de na forbairtí móra.

**1908** – Bhunaigh Pádraig Mac Piarais Scoil Éanna inar múineadh ábhair go dátheangach.

**1917** – Chomhbhunaigh Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh agus Áine Nic Aodha an chéad scoil lán-Ghaeilge.

**1922** – Tháinig an tumoideachas i bhfeidhm sna ranganna naíonán sa Saorstát.

**1952** – Bunaíodh Scoil Lorcáin i mBaile Átha Cliath, an chéad bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Ina dhiaidh sin, tháinig bunscoileanna lán-Ghaeilge eile ar an bhfód, ina measc Scoil Neasáin (1969), Scoil an tSeachtar Laoch (1973) agus Scoil Naithí (1973).

**1960í** – Chruinnigh cainteoirí dúchais le chéile chun Gaeltacht uirbeach ar Bhóthar Seoighe a bhunú in Iarthar Bhéal Feirste.

**1969** – Bunaíodh Coláiste Eoin, agus Coláiste Íosagáin ina dhiaidh sin (1971), chun rogha na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge a chur ar fáil.

**1970í** – Tháinig tuismitheoirí, teaghligh agus oideachasóirí le chéile chun níos mó scoileanna tumoideachais a bhunú.

**1971** – Bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste, an chéad scoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann.

**1972** – Bunaíodh Comhdháil na Scoileanna Gaelacha, Gaillimh.

**1973** – Bunaíodh Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, Baile Átha Cliath.

**1974-1976** – Chomhdhlúthaigh an dá eagraíocht thuas chun tacú leis an gcóras tumoideachais a bhí ag teacht ar an bhfód, agus glacadh leis an ainm Gaelscoileanna mar theideal na heagraíochta. Tugtar Gaeloideachas ar an eagraíocht anois.

**1981** – Bunaíodh Coláiste Chillian i gCluain Dolcáin, an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge faoi stiúir na gCoistí Gairmoideachais Iasmuigh den Ghaeltacht.

**1983** – Bunaíodh an chéad aonad lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann i gcathair Dhoire.

**1987** – Bunaíodh Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta.

**1991** – Bunaíodh an chéad iar-bhunscoil, Coláiste Feirste (Meánscoil Feirste) i dTuaisceart Éireann. Tháinig Gaeloiliúint, an chéad scátheagraíocht do scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, ar an bhfód.

**1990í** – Tá níos mó tacaíochtaí ar fáil don chóras tumoideachais i dTuaisceart Éireann mar gheall ar Chomhaontú Aoine an Chéasta (1998), The Education Order (1998) agus bunú Chomhairle na Gaelscolaíochta (2000), chomh maith le hIontaobhas na Gaelscolaíochta (2001).

**1993** – Bunaíodh An Foras Pátrúnachta le go mbeadh rogha eile ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge nua a bhí ag teacht ar an bhfód ó thaobh pátrúnachta de. Is é An Foras Pátrúnachta an pátrún is mó ar scoileanna lán-Ghaeilge sa lá atá inniu ann.

**1993** – Bunaíodh Gaelscoil an Ghoirt Álainn i gCorcaigh, an chéad scoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach.

**1995** – Cuireadh tús le Teastas Iarchéime lán-Ghaeilge san Oideachas i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. An bhliain dár gcionn, thosaigh an chéad chohórt de mhic léinn BEd ar an gcéim trí mheán na Gaeilge.

**1996** – Bunaíodh Gaelscoil Chill Mhantáin i gContae Chill Mhantáin, an chéad scoil lán-Ghaeilge idirchreidmheach.

**1998** – Cuireadh tús leis an ArdTeastas san Oideachas, cáilíocht don iar-bhunscolaíocht, in Ollscoil na Gaillimhe. Tugtar an Máistir Gairmiúil san Oideachas air ón mbliain 2014 ar aghaidh.

**2002** – Bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

**2011** – Cuireadh Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge ar bun i gColáiste Ollscoile Naomh Muire.

**2013** – Cuireadh tús le Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Ó 2023 ar aghaidh, tá an Máistreacht á soláthar ag Coláiste na Tríonóide.

**2016** – Foilsíodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais.

**2019** – Thosaigh an chéad chohórt ar an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino.

**2024** – Foilsíodh an comhairliúchán náisiúnta ar an oideachas lán-Ghaeilge Iasmuigh den Ghaeltacht. Tá polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge Iasmuigh den Ghaeltacht á fhorbairt ag an Roinn Oideachais.

## Ag Tacú le do Pháiste sa Chóras Tumoideachais

Is ag croílár fhís an tumoideachais in Éirinn atá rannpháirtíocht tuismitheoirí, an teaghlaigh agus daoine tábhachtacha eile i saol an pháiste. Is iad na tuismitheoirí, na teaghlaigh agus na hoideachasóirí a oibríonn as lámha a chéile chun scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú agus a bhuanú. Bíonn leibhéal éagsúla muiníne i measc tuismitheoirí agus teaghlach maidir le Gaeilge a úsáid. Ach má tá dearcadh dearfach ann i leith na teanga, agus má tá spéis sa Ghaeilge, is féidir leis sin difríocht mhór a dhéanamh (Harris et al., 2006). Ní hionann gach tuismitheoir ná gach teaghlach, ach tugann gach duine go leor taithí agus buanna leo. Is féidir tarraingt ar an taithí agus na buanna seo chun tacú le haistear oideachais an pháiste ar iliomad bealaí.

- Tacaigh le forbairt scileanna litearthachta do pháiste i do mháthairtheanga. Bain sult as scéalta a léamh le chéile sa bhaile.
- Tabhair moladh d'iarrachtaí do pháiste le Gaeilge a labhairt agus a úsáid.
- Iarr ar do pháiste rud a d'fhoghlaim siad i nGaeilge a mhúineadh duit, mar shampla, dán nó amhrán.
- Téigh i dtraithí ar na réimsí curaclaim a bheidh á ndéanamh ag do pháiste chun tacú le hobair bhaile. Tá eolas agus tacaíocht ar fáil ar an suíomh [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie), faoin rannóg Tuismitheoirí.
- Téigh i dtraithí ar na háiseanna foghlama do pháistí atá ar fáil ar [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie), faoin rannóg An Tairseach.
- Bain úsáid as na háiseanna atá ar fáil ar an suíomh [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie), faoin rannóg Gaeilge sa Bhaile, chun an méid Gaeilge atá agat a úsáid go spráúil le do pháiste.
- Faigh amach níos mó faoi na tacaíochtaí do thuismitheoirí agus do theaghlaigh, ar mian leo cur leis an méid Gaeilge a úsáideann siad sa bhaile, atá ar fáil ag [www.glornangael.ie/teangati/comhairle/](http://www.glornangael.ie/teangati/comhairle/).
- Glac páirt in imeachtaí dátheangacha / ilteangacha na scoile.
- Faigh amach an bhfuil imeachtaí Gaeilge / ilteangacha ar siúl sa cheantar, mar shampla, Féile Mother Tongues.



## Conclúid

Tá stair shaibhir shuimiúil ag an tumoideachas in Éirinn agus tá éileamh ar na scoileanna tumoideachais i gcónaí. Tá taithí phearsanta ag roinnt tuismitheoirí ar an gcóras tumoideachais iad féin. Bíonn deis ag páistí tabhairt faoi réimsí iomlána an churaclaim, mar aon leis an nGaeilge a shealbhú agus a shaibhriú ag an am céanna. Tacaíonn scoileanna tumoideachais le forbairt cumas teanga agus litearthachta sa Bhéarla, agus sa Ghaeilge ach go háirithe. Thar an iomlán, éiríonn chomh maith nó níos fearr le páistí sa chóras tumoideachais is a éiríonn le páistí i scoileanna lán-Bhéarla ó thaobh an Bhéarla de. Chomh maith leis sin, sealbhaíonn páistí an Ghaeilge agus léiríonn siad dearchtaí dearfacha i leith na teanga.

Cuireann scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht leis an éagsúlacht teangacha atá ar fáil in Éirinn trí spás a chruthú do pháistí teagmháil rialta a bheith acu leis an nGaeilge. Cabhraíonn an taithí seo le páistí a bheith mar chuid den phobal dátheangach / ilteangach comhaimseartha idirnáisiúnta. Aithnítear sa taighde, agus i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019), go bhfuil contanam dátheangachais / ilteangachais ann agus go mbaineann daoine úsáid as a stór teangacha i mbealaí éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla.

Chun an tairbhe is mó a bhaint as an gcóras tumoideachais, is gá naisc láidre a chothú idir an scoil, an baile, agus an pobal, chomh maith le bheith ag obair as lámha a chéile agus cur chuige uile-scoile a chur chun cinn. Ag gach staid den aistear oideachais tá tacaíochtaí teanga agus eile de dhíth sa seomra ranga, agus lasmuigh de, le gur féidir le páistí barr a gcumais a bhaint amach.

Ach an oiread le páistí i ngach scoil, tá éagsúlacht de bhuanna, riachtanais, spéiseanna agus pearsantachtaí i measc páistí sa chóras lán-Ghaeilge. Bíonn roinnt de na tacaíochtaí céanna ag teastáil ó pháistí i scoileanna lán-Ghaeilge is a bhíonn ó pháistí i scoileanna lán-Bhéarla, ach tá saintacaíochtaí de dhíth, go háirithe ó thaobh na Gaeilge de. Is féidir le gach páiste tairbhe a bhaint as an gcóras tumoideachais, chomh fada agus atá oideolaíocht ionchuimsitheach agus pleanáil uile-scoile ann, chomh maith le háiseanna cuí.

Is féidir teacht ar an tuarascáil taighde iomlán, *An Tumoideachas ag an mBunleibhéal in Éirinn: Léargais ón Taighde Náisiúnta / Immersion Education at Primary Level in Ireland: Insights from National Research*, ag [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie). Pléitear sa tuarascáil na staidéir ar fad atá mar bhunús leis an lámhleabhar seo. Táthar ag súil leis go mbeidh an tuarascáil ina cabhair d'aon duine atá ag tabhairt faoi thaighde ar an oideachas lán-Ghaeilge amach anseo.

Don am atá romhainn, is féidir linn foghlaim ón taithí a bhaineann leis an gcóras tumoideachais i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus tacaíochtaí inbhuanaithe a chur ar fáil chun go mbeidh an rogha ag tuismitheoirí agus teaghlach a bheith páirteach sa chóras tumoideachais i gcónaí. Faoi láthair, tá polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht á fhorbairt ag an Roinn Oideachais, i ndiaidh fhoilsiú An Polasaí don Oideachas Gaeltachta (DES, 2016).

Ba mhaith le COGG agus le hInstitiúid Oideachais Marino a mbuíochas a chur in iúl do Claire M. Dunne as an lámhleabhar seo a ullmhú, mar aon leis an tuarascáil taighde iomlán.





# Léitheoireacht Mholta

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019). *Curaclam teanga na bunscoile*. CNCM.
- August, D., and Shanahan, T. (Eds.). (2006). *Developing literacy in second-language learners: Report of the National Literacy Panel on language-minority children and youth*. Lawrence Erlbaum Associates Publishers.
- Baker, C., and Wright, P. W. E. (2017). *Foundations of bilingual education and bilingualism*. Multilingual Matters.
- Barnes, E., Morrin, O., Ní Chasaide, A., Cummins, J., Berthelsen, H., Murphy, A., Nic Corcráin, M., O'Neill, C., Gobl, C., and Ní Chiaráin, N. (2022). AAC don Ghaeilge: the prototype development of speech-generating assistive technology for Irish. Proceedings of the CLTW 4 127-132. European Language Resources Association (ELRA).
- Bialystok, E. (2009). Bilingualism: The good, the bad and the indifferent, *Bilingualism Language and Cognition*, 12(1), 3-11. <https://doi.org/10.1017/S1366728908003477>
- Delaney, E., McAlteer, S. Delaney, M., McHugh, and O'Neill, B. (2023). *PIRLS 2021. Reading results for Ireland*. Education Research Centre.
- Devitt, A. Condon, J., Dalton, G., O'Connell, J., and Ní Dhuinn, M. (2018). An maith leat an Ghaeilge? An analysis of variation in primary pupil attitudes to Irish in the growing up in Ireland study, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(1), 105-117. <https://doi.org/10.1080/13670050.2016.1142498>
- Dillon, A. M. (2009). Metalinguistic awareness and evidence of cross-linguistic influence among bilingual learners in Irish primary schools, *Language Awareness*, 18(2), 182-197. <https://doi.org/10.1080/09658410902928479>
- Dunne, C. M., agus Ní Aogáin, S. (2025). *An Ghaeilge do gach duine. An dearadh uilíoch don fhoghlaim*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta / Institiúid Oideachais Marino.
- Education and Training Inspectorate, Northern Ireland (2018). *Chief Inspector's report 2016-2018*. ETI Northern Ireland.
- Gilleece L., Shiel G., Clerkin, A., agus Millar, D. (2012). *Measúnachtaí náisiúnta 2010 ar léitheoireacht Bhéarla agus ar mhataimic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge*. Report, Educational Research Centre, Dublin.
- Harris, J., and O'Leary, D. (2012). *Modern languages in Irish primary schools: Views and practices of principals and class teachers*. Trinity College Dublin / NCCA.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., and O'Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools long-term national trends in achievement*. Department of Education and Science.
- Hornberger, N. H. (ed) (2008). *Encyclopaedia of language and education*. Springer.
- Kennedy, I. A. (2012). *Irish medium education. Cognitive skills, linguistic skills, and attitudes towards Irish*. [Doctoral dissertation, College of Education and Lifelong Learning, Bangor University].
- Kiely, J., Haals Brosnan, M., Uí Chianáin, A., Colum, M., and Dunne, C. M. (2024). *Report on the consultation with children on the primary curriculum*. National Council for Curriculum and Assessment.
- Kiely, J., Haals Brosnan, M., Uí Chianáin, A., Colum, M., and Dunne, C. M. (2022). *Report on the consultation with children on the draft primary curriculum*. National Council for Curriculum and Assessment.
- Lennon Malbasha, L., Dautel, J., and Taylor, L. K. (2022). Exploring children's knowledge of Irish and European symbols: a comparison of Irish-medium and English-medium primary school children, *Irish Educational Studies*, 1-25. <https://doi.org/10.1080/03323315.2022.2094445>
- McCoy, S., Quail, A., and Smyth, E. (2012a). *Growing up in Ireland. National longitudinal study on children. Influences on 9-year olds' learning: Home, school and community. Report 3*. National Council for Curriculum and Assessment / ESRI.
- McCoy, S., Quail, A., and Smyth, E. (2012b). *The primary classroom: Insights from the Growing Up in Ireland study*. National Council for Curriculum and Assessment / ESRI.
- McVeigh, C., Wylie, J., and Mulhern, G. (2019). Verbal and visuospatial working memory in immersion-educated bilingual children, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 22(4), 505-517. <https://doi.org/10.1080/13670050.2016.1271769>
- Ní Chlochasaigh, K. (2020). Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge. *Léann Teanga: An Reiviú*, 8, 75-96.

- Ní Dhiorbháin, A., Connaughton-Crean, L., agus Ó Duibhir, P. (2023). *Soláthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu*. Dublin City University, SEALBHÚ agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Nic Aindriú, S. (2019). *The additional supports required by pupils with special educational needs in Irish-medium schools*. Dublin City University, SEALBHÚ and An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Brolcháin, C. (2015). *Iniúchadh ar mhúnláí luath-oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna Gaeltachta*. [Tráchtas PhD. Coláiste Phádraig, Droim Conrach].
- Ó Ceallaigh, T. J. (2013). *Teagasc Foirm-dhírthe i gcomhthéacs an tumaideachais lán-Ghaeilge: Scagadh ar pheirspictíochtaí agus ar chleachtais múinteoirí*. [Tráchtas PhD. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh].
- Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education. Lessons from a minority language context*. Multilingual Matters.
- Ó Duibhir, P., and Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3-12 years)*. Research report no. 16. National Council for Curriculum and Assessment.
- Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L., and Cosgrove, J. (2017). *An analysis of models of provision for Irish-medium education*. DCU St Patrick's Campus, Mary Immaculate College, Limerick, and St Mary's University College, Belfast.
- Ó hAiniféin, D. (2008). *An tumaideachas in Éirinn / Immersion education in Ireland*. Coiscéim agus Conradh na Gaeilge.
- Parsons, C., and Lyddy, F. (2016). A longitudinal study of early reading development in two languages: comparing literacy outcomes in Irish immersion, English medium and Gaeltacht schools, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 19(5), 511-529. <https://doi.org/10.1080/13670050.2015.1019412>
- Prats Porcar, E. (2013). *Early introduction of trilingual education in primary schools in Ireland and Catalonia: a comparative study*. [Doctoral dissertation. National University of Ireland, Maynooth].
- Rhys, M., and Thomas, E. M. (2013). Bilingual Welsh-English children's acquisition of vocabulary and reading: implications for bilingual education. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 16(6), 633-656. <https://doi.org/10.1080/13670050.2012.706248>
- Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., and Millar, D. (2011). *The 2010 national assessments of English reading and mathematics in Irish-medium schools. Summary report*. Educational Research Centre.
- Stephens, C. (2013). *Executive function development: A comparison of monolingual and bilingual children in Ireland*. [Doctoral dissertation. Queens University Belfast].

